Soiléirítear sa togra gur cheart aon tréimhse chónaithe a chaitear mar shealbhóir víosa fadfhanachta nó cead cónaithe arna eisiúint faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta a áireamh ina iomláine chun stádas cónaitheora fhadtéarmaigh an Aontais a fháil, lena n-áirítear tréimhsí cónaithe i gcáil nó faoi stádas atá eisiata faoi láthair ó raon feidhme na Treorach, amhail cónaí chun críocha staidéir nó gairmoiliúint, cónaí mar thairbhí de chosaint náisiúnta nó shealadach, nó cónaí ar bhonn sealadach amháin. Is é is aidhm don fhoráil seo na stát sin a chumhdach ina raibh cónaí ar náisiúnach tríú tír roimhe sin i gcáil nó faoi stádas atá eisiata ó raon feidhme na Treorach (e.g. mar mhac léinn), ina dhiaidh sin ina chónaí i gcáil nó faoi stádas a thagann faoin raon feidhme (e.g. mar oibrí). Sna stát sin, beifear in ann na tréimhsí cónaithe a chomhaireamh go hiomlán e.g. mar mhac léinn, i dtreo chríochnú na tréimhse cúig bliana, ar choinníoll go raibh an áit chónaithe iomlán dleathach agus leanúnach.

Caithfidh cónaí a bheith dleathach agus leanúnach. Chun cosc a chur ar an riosca go bhfaighfear stádas cónaitheora fadtéarma an Aontais go mí-úsáideach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach i gcás gach catagóire de náisiúnaigh tríú tír. Baineann an riosca sin go háirithe leis na náisiúnaigh tríú tír sin a bhfuil cead cónaithe acu a dheonaítear ar bhonn aon chineál infheistíochta i mBallstát, ós rud é nach mbíonn deonú na gceadanna cónaithe sin faoi réir an cheanglais maidir le láithreachas fhisiciúil leanúnach sa Bhallstát i gcónaí nó toisc nach bhfuil sé ach faoi réir an cheanglais go mbeadh infheisteoirí i láthair sa Bhallstát ar feadh tréimhse teoranta.

Chun an riosca sin a chosc, ba cheart do na Ballstáit seiceálacha ar an gceanglas cónaithe a neartú, go háirithe maidir le hiarratais ar stádas cónaitheora fadtéarma AE arna gcur isteach ag

náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead cónaithe acu a deonaíodh ar bhonn infheistíochta nó i gcásanna nach raibh eisiúint na gceadanna sin faoi réir an cheanglais láithreach leanúnach fhisiciúil a bheith acu sa Bhallstát lena mbaineann nó i gcás ina raibh an t-infheisteoir faoi réir an cheanglais go mbeadh an t-infheisteoir i láthair sa Bhallstát lena mbaineann ar feadh tréimhse teoranta. Tá foráil sa togra freisin nach gceadaítear do na Ballstáit tréimhsí cónaithe mar shealbhóir ceada cónaithe arna dheonú ar bhonn aon chineál infheistíochta i mBallstát eile a chur san áireamh chun tréimhsí cónaithe i mBallstáit éagsúla a charnadh. Tugtar isteach an fhoráil seo d'fhonn a tharraingtí is atá scéimeanna den sórt sin a theorannú agus tugtar aghaidh inti ar an bhfíric nár rialaigh na Ballstáit uile an chatagóir seo ceadanna cónaithe<sup>30</sup>.

#### Airteagal 5

Leagtar síos san Airteagal seo na coinníollacha maidir le stádas cónaitheora fadtéarma an Aontais a fháil. Ní mór d'iarratasóirí a chruthú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus árachas breoiteachta acu, ionas nach mbeidh siad ina n-ualach ar an mBallstát, agus go bhféadfadh sé go mbeadh orthu coinníollacha lánpháirtíochta a chomhlíonadh. Tugtar isteach leis an togra forálacha breise arb é is aidhm dóibh iad a shoiléiriú agus rogha na mBallstát a theorannú, trí chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chódú.

Maidir leis an gcoinníoll acmhainní, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais (*Chakroun*, C-578/08, agus *X v Belgische Staat*, C-302/18), féadfaidh na Ballstáit suim áirithe a chur in iúl mar mhéid tagartha, ach ní fhéadfaidh siad íosleibhéal ioncaim a fhorchur a ndíúltófar gach iarratas ar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh an Aontais faoina bhun, beag beann ar scrúdú iarbhair ar staid gach iarratasóra. Agus measúnú á dhéanamh acu ar acmhainní cobhsaí rialta a shealbhú, féadfaidh na Ballstáit tosca amhail ranníocaíochtaí leis an gcóras pinsin agus comhlíonadh na n-oibleagáidí cánach a chur san áireamh. Ní bhaineann coincheap na 'acmhainní' le 'acmhainní dílse' an iarratasóra ar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh an Aontais amháin, ach féadfaidh sé freisin na hacmhainní a chuireann tríú páirtí ar fáil don iarratasóir sin a chumhdach ar choinníoll, i bhfianaise imthosca aonair an iarratasóra lena mbaineann, go meastar go bhfuil siad cobhsaí, rialta agus leordhóthanach.

Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheangal ar iarratasóirí ar stádas cónaitheora fadtéarma an Aontais coinníollacha lánpháirtíochta a chomhlíonadh, mar shampla trína cheangal orthu imeascadh sibhialta nó scrúdú teanga a ghnóthú. Mar sin féin, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais (*P & S*, C-579/13), níor cheart go bhféadfadh modh cur chun feidhme an cheanglais sin dochar a dhéanamh don chuspóir lánpháirtiú náisiúnach tríú tír a chur chun cinn, ag féachaint, go háirithe, don leibhéal eolais is gá chun pas a fháil i scrúdú imeasctha sibhialta, d'innrochtaineacht na gcúrsaí agus an ábhair is gá chun ullmhú don scrúdú sin, do mhéid na dtáillí is infheidhme maidir le náisiúnaigh tríú tír mar tháillí clárúcháin chun an scrúdú sin a dhéanamh, nó d'innrochtaineacht na gcúrsaí agus an ábhair is gá chun ullmhú don scrúdú sin, do mhéid na dtáillí is infheidhme maidir le náisiúnaigh tríú tír mar tháillí clárúcháin chun an scrúdú sin a dhéanamh, nó do bhreithniú na n-imthosca aonair oideachais, nó do bhreithniú na n-imthosca aonair.

#### Airteagal 6

Foráiltear leis an Airteagal seo go bhféadfaidh na Ballstáit diúltú stádas cónaitheora fadtéarma AE a dheonú ar fhorais an bheartais phoiblí agus na slándála poiblí, mar a fhoráiltear dó cheana féin i dTreoir 2003/109/CE.

#### Airteagal 7

---

<sup>30</sup> Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Scéimeanna um Shaoránacht agus Cónaí Infheisteoirí san Aontas Eorpach, COM(2019) 12 final.

Leagtar síos san Airteagal seo na nósanna imeachta riaracháin maidir le stádas a fháil, cosúil leis na cinn dá bhforáiltear cheana i dTreoir 2003/109/CE. Leis an togra le haghaidh athmhúnlú, tugtar isteach foráil lena rialáiltear ar bhealach níos mionsonraithe na cásanna ina bhfuil na doiciméid a chuirtear i láthair nó an fhaisnéis a sholáthraítear chun tacú leis an iarratas neamhleor nó neamhiomlán, cosúil leis an méid dá bhforáiltear cheana i dTeoracha eile de chuid an Aontais maidir le himirce dhleathach atá níos déanaí.

#### Airteagal 8

Leagtar síos san Airteagal seo na rialacha maidir le heisiúint an cheada cónaithe lena ndeimhnítear stádas cónaitheora fhadtéarmaigh an Aontais. Leis an togra le haghaidh athmhúnlú athainmnigh an cead ‘cead cónaithe fadtéarmach an Aontais’.

#### Airteagal 9

Leagtar síos san Airteagal seo na forais éigeantacha agus roghnacha le haghaidh aistarraingt agus cailliúint an stádais, dá bhforáiltear cheana féin i dTreoir 2003/109/CE. Leis an togra le haghaidh athmhúnlú, tugtar deis do chónaitheoirí fadtéarmacha de chuid an Aontais a bheith as láthair ó chríoch an Aontais gan a stádas cónaitheora fadtéarma an Aontais a chailleadh ó na 12 mhí reatha go 24 mhí. Is é is aidhm don leasú seo imirce chiorclach a chur chun cinn do chónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais, go háirithe chun deis a thabhairt dóibh infheistiú ina dtíortha tionscnaimh agus an t-eolas agus na scileanna a sealbhaíodh san Aontas a chomhroinnt, agus filleadh go sealadach ar a dtíortha féin mar gheall ar chúinsí pearsanta agus teaghlaigh.

I gcás neamhláithreachtaí níos faide, ba cheart do na Ballstáit nós imeachta éascaithe a bhunú chun stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a fháil ar ais. Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus imirce chiorclach a chur chun cinn, rialaítear leis an togra le haghaidh athmhúnlú príomhchoinníollacha nós imeachta den sórt sin, a rialaítear leis an dlí náisiúnta, de réir Threoir 2003/109/CE. De réir an togra, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan a cheangal go gcomhlíonfar na coinníollacha a bhaineann le fad cónaithe, acmhainní agus árachas breoiteachta. I gcás ar bith, níor cheart do na Ballstáit a chur de cheangal ar náisiúnaigh tríú tír a dhéanann iarratas ar athfháil stádas cónaitheora fadtéarma an Aontais coinníollacha an lánpháirtithe a chomhlíonadh.

Ar deireadh, leasaítear leis an togra foclaíocht an Airteagail seo chun comhsheasmhacht leis an Treoir um Fhilleadh 2008/115/CE a áirithiú.

#### Airteagal 10

Leagtar síos leis an Airteagal seo na ráthaíochtaí nós imeachta a bhaineann le diúltú, aistarraingt nó cailliúint an stádais, dá bhforáiltear cheana féin i dTreoir 2003/109/CE.

#### Airteagal 11

Leis an Airteagal seo tugtar isteach foráil nua i gcomhréir leis na Teoracha is déanaí ón Aontas maidir le himirce dhleathach agus le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (*an Coimisiún v an Ísiltír*, C-508/10), ar dá mbun a fhéadfaidh na Ballstáit táillí a ghearradh as iarratais a phróiseáil agus nár cheart go mbeadh sé mar chuspóir ná d’éifeacht ag méid na dtáillí sin bac a chur ar an stádas cónaitheora fadtéarma a thugtar leis an Treoir a bhaint amach, rud a bhainfeadh an bonn de chuspóir agus de mheon na Teorach.

## Airteagal 12

Leagtar síos san Airteagal seo na cearta um chóir chomhionann do chónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais, atá cosúil leo sin dá bhforáiltear cheana i dTreoir 2003/109/CE. Leis an togra le haghaidh athmhúnlú, tugtar isteach trí phríomhathrú arb é is aidhm dóibh na cearta a threisiú agus feabhas a chur ar an bpróiseas comhtháthaithe do chónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais.

Ar an gcéad dul síos, soiléirítear gur cheart go mbeadh an ceart céanna ag cónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais agus atá ag náisiúnaigh maidir le tithíocht phríobháideach a fháil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gceart chun tithíocht phríobháideach a fháil, agus príomhchuspóir na Treorach seo á chur san áireamh, eadhon comhtháthú chónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais sa tsochaí óstach. Is féidir úinéireacht a bheith ar thithíocht dá gcuid féin mar ghné a chuireann le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír a roghnaigh fréamhacha a chur síos i mBallstát de chuid an Aontais.

Ar an dara dul síos, leis an Airteagal seo déantar an sainmhíniú ar shlándáil shóisialta agus an ceart chun pinsin agus sochair theaghlaigh a onnmhairiú a ailíniú le forálacha na dTreoracha is déanaí maidir le himirce dhleathach. Go háirithe, déantar tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir leis an sainmhíniú ar shlándáil shóisialta (pointe d de mhír 1); Ba cheart go bhfaigheadh cónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais nó a marthanóirí a bhogann go tríú tír pinsin reachtúla faoi na coinníollacha céanna agus ag na rátaí céanna le náisiúnaigh na mBallstát lena mbaineann, i gcás ina n-aistríonn na náisiúnaigh sin go tríú tír, i gcomhréir le Treoracha eile maidir le himirce dhleathach (mír 6).

Ar deireadh, leis an togra, leathnaítear an rochtain chomhionann atá ag cónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais ar chosaint shóisialta agus ar chúnamh sóisialta, trí dheireadh a chur leis an bhféidearthacht atá ann do na Ballstáit teorainn a chur leis an rochtain sin ar ‘croí-shochair’.

## Airteagal 13

Leagtar síos san Airteagal seo rialacha lena ráthaítear cosaint threisithe i gcoinne cinntí lena gcuirtear deireadh le tréimhse fanachta dhlíthiúil chónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais. Ní mór foclaíocht an Airteagail a leasú agus é á chur san áireamh go bhfuil comhrialacha ann, ó glacadh Treoir 2008/115 maidir le caighdeáin agus nósanna imeachta sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go mídhleathach a chur ar ais. Is éard atá i gceist leis an gcosaint threisithe teorainn a chur leis an bhféidearthacht deireadh a chur le fanacht dleathach cónaitheoirí fadtéarmacha san Aontas i gcás ina bhfuil siad ina mbagairt iarbhir atá tromchúiseach go leor ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil phoiblí, agus sa chás sin amháin, ar choinníoll nár cheart cinntí lena gcuirtear deireadh le fanacht dleathach chónaitheoirí fadtéarmacha san Aontas a bheith bunaithe ar chúinsí eacnamaíocha.

## Airteagal 14

Leis an Airteagal seo, leagtar síos go bhfuil na Ballstáit i dteideal ceadanna cónaithe náisiúnta a eisiúint a bhfuil bailíocht bhuan nó neamhtheoranta acu i gcomhthráth le cead cónaithe fadtéarmach an Aontais. Mar sin féin, leis an togra le haghaidh athmhúnlú, tugtar isteach forálacha nua arb é is aidhm dóibh cothroime iomaíochta a áirithiú idir cead cónaithe fadtéarmach an Aontais agus na ceadanna cónaithe buana náisiúnta, ionas go mbeidh rogha réadúil ag náisiúnaigh tríú tír idir an dá chead. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit na nithe seo a leanas a áirithiú: nach bhfuil na ceanglais maidir le comhtháthú agus acmhainní chun stádas an Aontais a fháil níos déine ná na ceanglais maidir leis an stádas náisiúnta a fháil (mír 3 d’Airteagal 5); go n-íocfaidh na hiarratasóirí ar cheadanna an Aontais an leibhéal céanna táillí as a n-iarratas a phróiseáil agus a íocann iarratasóirí ar cheadanna náisiúnta (Airteagal 11); nach bhfuil leibhéal níos ísle coimircí agus ceart nós imeachta ag sealbhóirí stádas

cónaithe fadtéarma an Aontais ná ag sealbhóirí ceadanna cónaithe náisiúnta le bailíocht bhuan nó neamhtheoranta (mír 3 d'Airteagal 10, mír 8 d'Airteagal 12, mír 6 d'Airteagal 15); ba cheart do na Ballstáit an leibhéal céanna faisnéise, cur chun cinn agus gníomhaíochtaí fógraíochta maidir le cead cónaithe fadtéarmach an Aontais a áirithiú agus an leibhéal a chuirtear ar fáil maidir le ceadanna cónaithe náisiúnta a bhfuil bailíocht bhuan nó neamhtheoranta acu (Airteagal 27); go mbaineann sealbhóirí ceadanna náisiúnta a bhfuil bailíocht bhuan nó neamhtheoranta acu agus a dhéanann iarratas ar chead cónaithe fadtéarmach de chuid an Aontais, tairbhe as nós imeachta éascaithe (mír 4 d'Airteagal 7).

#### Airteagal 15

Leis an Airteagal seo tugtar isteach forálacha nua chun athaontú teaghlaigh a éascú do chónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais, de mhaolú ar rialacha ginearálta Threoir 2003/86/CE. Go háirithe, níor cheart do na Ballstáit coinníollacha a chur i bhfeidhm maidir le lánpháirtiú chun teaghlaigh a athaontú, toisc go meastar go bhfuil cónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais agus a dteaghlaigh lánpháirtithe sa tsochaí óstach, agus níor cheart dóibh aon teorainn ama a chur i bhfeidhm maidir le rochtain ar an margadh saothair do bhaill teaghlaigh.

Ina theannta sin, leagtar síos leis an Airteagal seo rialacha sonracha maidir le leanaí de chónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais a rugadh nó a glacadh i gcríoch an Bhallstáit a d'eisigh cead cónaithe fadtéarmach an Aontais a fháil, agus ní rialaítear é faoi láthair le haon ionstraim dlí de chuid an Aontais. Ós rud é gur cheart saol an teaghlaigh a urramú agus gur gné bhunriachtanach í a chosaint i lánpháirtiú cónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais, ba cheart go bhfaigheadh a leanaí a rugadh nó a ghlactar ar chríoch an Bhallstáit de chuid an Aontais a d'eisigh cead cónaithe fadtéarma an Aontais stádas cónaitheora fadtéarma an Aontais go huathoibríoch sa Bhallstát sin, gan a bheith faoi réir an cheanglais maidir le cónaí roimh ré.

### CAIBIDIL III — CÓNAÍ SNA BALLSTÁIT EILE

#### Airteagail 16 – 18

Leis na hAirteagail sin, leagtar síos na príomhrialacha agus na príomhchoinníollacha do chónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais agus do bhaill a dteaghlaigh chun soghluaisteacht laistigh den Aontas a fheidhmiú. Is é is aidhm don togra seo le haghaidh athmhúnlú soghluaisteacht laistigh den Aontas a éascú, trí dheireadh a chur le roinnt bacainní a chuir isteach uirthi go dtí seo. Go háirithe, níor cheart go mbeadh an dara Ballstát i dteideal seiceáil a dhéanamh ar staid an mhargaidh saothair a thuilleadh agus scrúdú á dhéanamh aige ar iarratais a chuireann cónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais isteach chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i gcáil fostaíthe nó féinfhostaithe, agus ba cheart deireadh a chur le haon chuótaí atá ann cheana do chónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais atá ina gcónaí i mBallstáit eile. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh cónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais i dteideal iarratas a dhéanamh agus iad fós ina gcónaí sa chéad Bhallstát, agus tús a chur le fostaíocht nó le staidéar 30 lá ar a dhéanaí tar éis dóibh a n-iarratas a chur isteach. Ar deireadh, i gcás ina ndéanann cónaitheoirí fadtéarmacha de chuid an Aontais iarratas ar chónaí sa dara Ballstát chun gairm rialáilte a chleachtadh, ba cheart a gcáilíochtaí gairmiúla a aithint ar an mbealach céanna leis na cáilíochtaí atá ag saoránaigh an Aontais a fheidhmíonn an ceart chun saorghluaiseachta, i gcomhréir le Treoir 2005/36/CE agus le dlí eile de chuid an Aontais is infheidhme agus leis an dlí eile is infheidhme de chuid an Aontais.

#### Airteagail 19 – 20

Foráiltear leis na hAirteagail sin go bhféadfaidh an dara Ballstát iarratais ar chónaí a dhiúltú ar fhorais an bheartais phoiblí, na slándála poiblí nó na sláinte poiblí, mar a fhoráiltear dó cheana féin i dTreoir 2003/109/CE. Le hAirteagal 20 déantar an sainmhíniú ar bhagairt don

tsláinte phoiblí a ailíniú le forálacha na dTreoracha is déanaí maidir le himirce dhleathach, trí chrostagairt do Chód Teorainneacha Schengen.

#### Airteagal 21

Leagtar síos san Airteagal seo na nósanna imeachta riaracháin maidir leis an gceart cónaithe a fháil sa dara Ballstát, cosúil leis na cinn dá bhforáiltear cheana i dTreoir 2003/109/CE. Leis an togra le haghaidh athmhúnlú, tugtar isteach sprioc-am níos giorra (90 lá + 30 lá in imthosca eisceachtúla), i gcomhréir leis na Treoracha is déanaí maidir le himirce dhleathach, agus ceadáítear do bhaill teaghlaigh tréimhsí cónaithe a charnadh i mBallstáit éagsúla chun cead cónaithe neamhspleách a fháil, de mhaolú ar Threoir 2003/86/CE.

## Airteagail 22 – 23

Leis na hAirteagail sin, leagtar síos na rialacha maidir le leasuithe ar chead cónaithe fadtéarmach an Aontais do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, agus maidir le rátháíochtaí nós imeachta a bhaineann le soghluaisteacht, mar a fhoráiltear cheana féin i dTreoir 2003/109/CE, arna leasú le Treoir 2011/51/AE.

## Airteagal 24

Foráiltear leis an Airteagal seo, nuair a fhaigheann cónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais agus a mbaill teaghlaigh an ceart chun cónaí sa dara Ballstát, gur cheart cóir chomhionann a bheith acu le náisiúnaigh an dara Ballstát sna limistéir chéanna agus faoi na coinníollacha céanna dá dtagraítear in Airteagal 12 den togra. Leis an Rialachán sin, cuirtear feabhas ar an rochtain atá ag cónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais agus ag baill dá dteaghlaigh atá ina gcónaí sa dara Ballstát ar mhargadh saothair an dara Ballstát, trí dheireadh a chur leis an deis atá ag na Ballstáit srian a chur leis an rochtain sin sa chéad 12 mhí. Mar sin féin, chun a áirithiú go leanfar de na critéir maidir le cónaí sa dara Ballstát a chomhlíonadh, ba cheart cead a bheith ag an dara Ballstát a cheangal ar chónaitheoirí fadtéarmacha an Aontais agus ar bhaill a dteaghlaigh aon athrú ar an bhfostóir nó ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch a chur in iúl do na húdaráis inniúla.

## Airteagal 25

Leagtar síos leis an Airteagal seo na rialacha maidir le stádas cónaithe a tharraingt siar sa dara Ballstát agus an oibleagáid a ghabháil ar ais sa chéad Bhallstát, mar a fhoráiltear dó cheana féin i dTreoir 2003/109/CE, le roinnt leasuithe arb é is aidhm dóibh comhsheasmhacht a áirithiú le Treoir 2008/115/CE um Fhilleadh, ina leagtar amach caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go mídhleathach a chur ar ais.

## Airteagal 26

Bunaítear leis an Airteagal seo gur cheart go dtabharfaí an deis do chónaitheoirí fadtéarmacha de chuid an Aontais atá ina gcónaí i mBallstát eile stádas cónaitheora fadtéarma an Aontais a fháil sa dara Ballstát faoi na coinníollacha céanna is gá chun é a fháil sa chéad Bhallstát. D'fhonn dlús a chur leis an lánpháirtiú sa dara Ballstát do dhaoine atá tar éis lánpháirtiú i mBallstát eile de chuid an Aontais cheana féin, foráiltear leis an togra le haghaidh athmhúnlú gur trí bliana a bheidh sa tréimhse chónaithe a cheanglaítear sa dara Ballstát. Chun stádas cónaitheora fadtéarma an Aontais a fháil sa dara Ballstát, níor cheart go bhféadfaí tréimhsí cónaithe a charnadh i mBallstáit éagsúla.

Mar sin féin, ba cheart go mbeadh sé de shaoirse ag an dara Ballstát a chinneadh an ndéanóidh sé cúnamh sóisialta, nó cúnamh cothabhála le haghaidh staidéir, lena n-áirítear gairmoiliúint, arb éard atá ann deontais mac léinn nó iasachtaí mac léinn, do chónaitheoirí fadtéarmacha de chuid an Aontais seachas iad siúd ar oibrithe nó daoine féinfhostaithe iad nó a mbaill teaghlaigh, sula gcríochnófar cúig bliana de chónaí dleathach leanúnach ina chríoch, agus é á chur san áireamh go bhféadfaidh saoránaigh an Aontais a bhfuil cearta saorghluaiseachta feidhmithe acu seachas na cearta atá ag oibrithe nó ag daoine féinfhostaithe i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE nó le hAirteagal 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bheith ina gceart buanchónaithe de chuid an CFAE nó ina dhiaidh sin.

Féadfaidh an dara Ballstát a chinneadh cúnamh den sórt sin a dheonú do chónaitheoirí fadtéarmacha de chuid an Aontais sula mbeidh cúig bliana de chónaí dleathach leanúnach acu, ar choinníoll go n-áirítear sé an chóir chéanna do shaoránaigh an Aontais a fheidhmiú cearta saorghluaiseachta i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE nó Airteagal 21 CFAE (seachas oibrithe, daoine féinfhostaithe nó daoine a choimeádann an stádas sin), baill a dteaghlaigh,

chomh maith le náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart saoránach de chuid an Aontais faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus baill teaghlaigh, agus tríú tíortha eile.

Ar deireadh, sula mbeidh 5 bliana de chónaí dleathach leanúnach sa Bhallstát sin, i gcás ina scoirfidh cónaitheoir fadtéarma an Aontais de ghníomhaíocht fostaithe nó fhéinfhostaithe agus nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige dó féin agus a bhaill teaghlaigh agus cumhdach cuimsitheach árachais bhreuiteachta ionas nach mbeidh sé ina ualach míréasúnta ar chóras cúnaimh shóisialta an dara Ballstát, féadfar deireadh a chur lena fhanacht nó lena fhanacht dlíthiúil ar an bhforas sin, agus é á chur san áireamh go bhféadfaidh saoránaigh an Aontais a d'fheidhmigh cearta saorghluaiseachta agus sealbhaithe go buan i ndiaidh do bhaill teaghlaigh a bheith ina gceart buanchónaithe agus ina dhiaidh sin.

#### CAIBIDIL IV – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

##### Airteagal 27

Leis an Airteagal nua seo, tugtar isteach oibleagáid ar na Ballstáit rochtain ar fhaisnéis d'iarratasóirí a éascú maidir le stádas cónaithe fadtéarma an Aontais a fháil agus maidir leis na cearta a ghabhann leis, i gcomhréir leis na Treoracha is déanaí maidir le himirce dhleathach.

##### Airteagail 28 – 33

Leis na hAirteagail seo, leagtar síos na rialacha maidir le tuairisciú, pointí teagmhála, trasuíomh, teacht i bhfeidhm agus seolaithe, mar a fhoráiltear cheana féin i dTreoir 2003/109/CE. Foráiltear le hAirteagal 31 go n-aisghairfear Treoir 2003/109/CE a luaithe a rachaidh an spriocdháta trasuí don Treoir athmhúnlaithé in éag.

Togra le haghaidh

## TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (athmhúnlú)**

TÁ ~~☒~~ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS ~~☒~~ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,  
Ag féachaint don Chonradh ~~☒~~ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ~~☒~~ lena mbunaithear an  
~~Comhphobal Eorpach~~, agus go háirithe Airteagal ~~☒~~ 79(2) ~~☒~~, ~~☒~~ pointí (a) agus (b), ~~☒~~  
~~63(3) agus (4) de,~~

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

↓ nua

(1) Rinneadh Treoir 2003/109/CE ón gComhairle<sup>31</sup> a leasú go suntasach<sup>32</sup>. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar an Treoir, ba cheart í a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

↓ 2003/109/CE aithris 1  
(oiriúnaithe)

~~With a view to the progressive establishment of an area of freedom, security and justice, the Treaty establishing the European Community provides both for the adoption of measures aimed at ensuring the free movement of persons, in conjunction with flanking measures relating to external border controls, asylum and immigration, and for the adoption of measures relating to asylum, immigration and safeguarding the rights of third-country nationals.~~

<sup>31</sup> Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO L 16, 23.1.2004, lch. 44.).

<sup>32</sup> Féach Iarscríbhinn I, Cuid A.

---

↓ 2003/109/CE aithris 2  
(oiriúnaithe)

~~The European Council, at its special meeting in Tampere on 15 and 16 October 1999, stated that the legal status of third country nationals should be approximated to that of Member States' nationals and that a person who has resided legally in a Member State for a period of time to be determined and who holds a long term residence permit should be granted in that Member State a set of uniform rights which are as near as possible to those enjoyed by citizens of the European Union.~~

---

↓ 2003/109/CE aithris 3

- (2) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- 

↓ 2003/109/CE aithris 4  
(oiriúnaithe)

- (3) Tá lánpháirtiú náisiúnach tríú tíortha ar cónaitheoirí fadtéarmacha ☒ AE ☒ iad sna Ballstáit ina phríomhghné de chur chun cinn an chomhtháthaithe eacnamaíoch agus shóisialta, ar cuspóir bunúsach de chuid an Chomhphobail ☒ Aontais ☒ é atá luaite sa Chonradh.
- 

↓ 2003/109/CE aithris 5

- (4) Ba cheart do na Ballstáit éifeacht a thabhairt d'fhorálacha na Treorach seo gan idirdhealú atá bunaithe ar inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, saintréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creidimh, tuairim pholaitiúil nó tuairimí eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, rachmas, breith, míchumais, aois nó géaschlaonadh.
- 

↓ 2011/51/AE aithrisí 2 agus 4  
(oiriúnaithe)

- (5) Gné thábhachtach de lánpháirtiú iomlán tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta sa Bhallstát cónaitheach is ea an deis stádas cónaitheora fhadtéarmaigh ☒ AE ☒ a fháil i mBallstát tar éis tréimhse áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart do thairbhíthe cosanta idirnáisiúnta a bheith in ann stádas cónaitheora fhadtéarmaigh ☒ AE ☒ a fháil sa Bhallstát a thug cosaint idirnáisiúnta dóibh, faoi réir na gcoinníollacha céanna le náisiúnaigh tríú tír eile.
- 

↓ nua

- (6) Náisiúnaigh tríú tír ar tairbhíthe cearta saorghluaiseachta iad i gcomhréir le dlí an Aontais, ba cheart rochtain ar stádas cónaithe fadtéarmach AE a thabhairt dóibh i gcomhréir leis na rialacha céanna le haon náisiúnach tríú tír eile a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Na cearta a fhaigheann na náisiúnaigh tríú tír sin mar dhaoine a bhfuil stádas cónaithe fadtéarmach AE acu, ba cheart na cearta sin a bheith

gan dochar do na cearta a d'fhéadfadh a bheith acu faoi Threoir 2004/38/CE<sup>33</sup>. Na forálacha go léir sa Treoir seo maidir le tairbhíthe an chirt chun saorghluaiseachta, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin freisin maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cearta chun saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le cearta shaoránaigh an Aontais faoi chomhaontaithe idir an tAontas agus na Ballstáit ar lámh amháin, agus tríú tíortha ar lámh eile, nó idir an tAontas agus tríú tíortha.

↓ 2003/109/CE aithris 6  
(oiriúnaithe)

- (7) Ba cheart an tréimhse chónaithe i gcríoch Bhallstáit a bheith mar phríomhchritéar chun stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ a fháil. Ba cheart an tréimhse chónaithe a bheith dleathach agus leanúnach chun a léiriú go bhfuil an duine ag cur faoi sa tír. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le méid áirithe solúbthachta ionas gur féidir imthosca ina bhféadfadh sé go mbeadh ar dhuine an chríoch a fhágáil ar bhonn sealadach a chur san áireamh.

↕ nua

- (8) Chun an riosca go bhfaighfear stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE ar bhealach míchuí a chosc, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach i gcás gach catagóire de náisiúnaigh tríú tír. Baineann an riosca sin go háirithe leis na náisiúnaigh tríú tír sin a bhfuil cead cónaithe acu, ar cead cónaithe é a dheonaítear ar bhonn aon chineál infheistíochta i mBallstát, ós rud é nach mbíonn eisiúint na gceadanna cónaithe sin i gcónaí faoi réir an cheanglais maidir le hinfheisteoirí a bheith i láthair go leanúnach sa Bhallstát nó nach mbíonn sí ach faoi réir an cheanglais maidir leo a bheith i láthair sa Bhallstát ar feadh tréimhse teoranta. Chun an riosca sin a chosc, ba cheart do na Ballstáit seiceálacha ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach a neartú agus aird ar leith á tabhairt ar iarratais ar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE arna dtíolacadh ag náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu i mBallstát mar mhalairt ar aon chineál infheistíochta, amhail aistrithe caipitil, maoin a cheannach nó a fháil ar cíós, infheistíocht i mbannaí rialtais, infheistíocht in eintitis chorporáideacha, deonú nó dearlacadh gníomhaíochta a rannchuidíonn le leas an phobail agus ranníocaíochtaí le buiséad an stáit.

- (9) Ba cheart an tréimhse chónaithe is gá chun stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a fháil a chur i gcrích sa Bhallstát céanna ina ndéantar an t-iarratas. Mar sin féin, chun soghluaisteacht náisiúnach tríú tír laistigh den Aontas a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír tréimhsí cónaithe a charnadh i mBallstáit éagsúla. Chun a tharraingtí is atá scéimeanna cónaithe infheisteoirí a theorannú agus ós rud é nár rialaigh na Ballstáit uile an chatagóir sin de cheadanna cónaithe, níor cheart do na Ballstáit tréimhsí cónaithe a chaitear mar shealbhóir ceadanna cónaithe arna ndeonú ar bhonn aon chineál infheistíochta i mBallstát eile a chur san áireamh chun críche tréimhsí carnacha.

<sup>33</sup> Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus bhail a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

- (10) Aon tréimhse chónaithe a chaitheann sealbhóir víosa fadfhanachta nó sealbhóir ceadnaíochta san Aontas, ar víosaí nó ceadanna chónaithe iad a eisíodh faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, ba cheart an tréimhse sin a chur san áireamh chun stádas chónaitheora fhadtéarmaigh AE a fháil, lena n-áirítear tréimhsí chónaithe faoi stádas nó i gcáil a eisíatar ó raon feidhme na Treorach, amhail cónaí chun críocha staidéir nó gairmoiliúna, cónaí mar thairbhí cosanta náisiúnta nó mar thairbhí cosanta shealadach, nó cónaí atá bunaithe i dtosach ar fhorais shealadacha amháin. I gcás ina bhfuil teideal chónaithe faighte ag an náisiúnach tríú tír lena mbaineann, ar teideal chónaithe é lena bhféadfar stádas chónaitheora fhadtéarmaigh AE a dheonú dó, ba cheart na tréimhsí sin a chur san áireamh go hiomlán agus an tréimhse is gá chun stádas chónaithe fadtéarmach AE a fháil á ríomh, ar choinníoll go raibh an tréimhse chónaithe dleathach agus leanúnach.

↓ 2003/109/CE aithris 7  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

- (11) Chun stádas chónaitheora fhadtéarmaigh ☒ AE ☒ a fháil, ba cheart do náisiúnaigh tríú tír a chruthú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus árachas breoiteachta acu, ionas nach mbeidh siad ina n-ualach ar an mBallstát. ⇒ Féadfaidh na Ballstáit suim áirithe a chur in iúl mar mhéid tagartha, ach ní féadfaidh siad íosleibhéal ioncaim a fhorchur a ndíoltófar gach iarratas ar stádas chónaitheora fhadtéarmaigh AE faoina bhun, beag beann ar scrúdú iarbhir ar staid gach iarratasóra. ⇐ ~~Na Ballstáit, a~~ Agus measúnú á dhéanamh acu ar acmhainní cobhsaí rialta a bheith ann, féadfaidh na ☒ Ballstáit ☒ tosca amhail ranníocaíochtaí leis an gcóras pinsin agus comhlíonadh na n-oibleagáidí cánach a chur san áireamh. ⇒ An coincheap maidir le ‘acmhainní’, níor cheart baint a bheith aige le ‘acmhainní dílse’ an iarratasóra ar stádas chónaitheora fhadtéarmaigh AE amháin, ach féadfaidh sé freisin na hacmhainní a chuireann tríú páirtí ar fáil don iarratasóir sin a chumhdach ar choinníoll, i bhfianaise imthosca aonair an iarratasóra lena mbaineann, go meastar go bhfuil siad cobhsaí, rialta agus leordhóthanach. ⇐

↓ nua

- (12) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheangal ar iarratasóirí ar stádas chónaitheora fhadtéarmaigh AE coinníollacha lánpháirtíochta a chomhlíonadh, mar shampla trína cheangal orthu pas a fháil i scrúdú saoránachta lánpháirtíochta nó teanga. Mar sin féin, níor cheart na modhanna chun an ceanglas sin a chur chun feidhme a bheith ina mbaol don chuspóir maidir le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír a chur chun cinn, ag féachaint go háirithe don leibhéal eolais is gá chun pas a fháil i scrúdú saoránachta lánpháirtíochta, d’inrochtaineacht na gcúrsaí agus an ábhair is gá chun ullmhú don scrúdú sin, do mhéid na dtáillí is infheidhme maidir le náisiúnaigh tríú tír mar tháillí clárúcháin chun an scrúdú sin a dhéanamh, nó do mheasúnú ar chúinsí sonracha aonair, amhail aois, neamhlitearthacht nó leibhéal oideachais.

↓ 2003/109/CE aithris 8  
(oiriúnaithe)

- (13) Thairis sin, náisiúnaigh tríú tír ar mian leo stádas chónaitheora fhadtéarmaigh ☒ AE ☒ a fháil agus a choinneáil, níor cheart dóibh a bheith ina mbagairt don

bheartas poiblí ná don tslándáil phoiblí. Féadfaidh coincheap an bheartais phoiblí ciontú i gcoir thromchúiseach a chumhdach.

↓ 2003/109/CE aithris 9  
(oiriúnaithe)

- (14) Níor cheart gur forais iad na breithnithe eacnamaíocha chun stádas cónaitheora fhadtéarmaigh ☒ AE ☒ a dhiúltú agus ~~ní dhéanfa~~ ☒ níor cheart ☒ a mheas go gcuireann siad isteach ar na coinníollacha ábhartha.

↓ 2003/109/CE aithris 10  
(oiriúnaithe)

- (15) Ba cheart sraith rialacha a leagan síos lena rialaítear na nósanna imeachta maidir le scrúdú a dhéanamh ar ☒ iarratais ☒ ar ☒ stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a fháil ☒. Ba cheart na nósanna imeachta sin a bheith éifeachtach agus inbhainistithe agus gnáthualach oibre riaracháin na mBallstát a chur san áireamh ann, agus ~~ba cheart~~ iad a bheith trédhearcach agus i gcothrom na Féinne, le gur féidir an chinnteacht dlí iomchuí a thabhairt dóibh siúd lena mbaineann. Níor cheart iad a bheith ina modh chun bac a chur ar fheidhmiú an chirt chónaithe.

↓ 2003/109/CE aithris 11  
(oiriúnaithe)

- (16) Maidir le stádas cónaitheora fhadtéarmaigh ☒ AE ☒ a fháil, ba cheart é sin a dheimhniú le ceadanna cónaithe ☒ fadtéarmacha AE ☒ lena gcuirtear ar chumas na ndaoine lena mbaineann a stádas dlíthiúil a chruthú láithreach agus go héasca. Ba cheart ceadanna cónaithe den sórt sin caighdeáin theicniúla ardleibhéil a chomhlíonadh freisin, go háirithe maidir le cosaint ar fhalsú agus ar ghóchumadh, chun mí-úsáid a sheachaint sa Bhallstát ina bhfaightear an stádas agus sna Ballstáit ina bhfeidhmítear an ceart cónaithe.

↓ nua

- (17) Chun imirce chiorclach chónaitheoirí fadtéarmacha AE a chur chun cinn, go háirithe chun ligean dóibh infheistíocht a dhéanamh ina dtíortha tionscnaimh agus chun an t-eolas agus na scileanna a fhaightear san Aontas a roinnt, agus chun filleadh go sealadach ar a dtíortha tionscnaimh mar gheall ar chúinsí pearsanta agus teaghlaigh, ba cheart a cheadú do chónaitheoirí fadtéarmacha AE a bheith imithe as críoch an Aontais ar feadh suas le 24 mhí as a chéile gan a stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a chailleadh. I gcás neamhláithreachtaí níos faide, ba cheart do na Ballstáit nós imeachta éascaithe a bhunú chun stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a fháil ar ais.

↓ 2003/109/CE aithris 12  
(oiriúnaithe)

- (18) Chun a bheith ina ionstraim dhílis chun cónaitheoirí fadtéarmacha ☒ AE ☒ a chomhtháthú ☒ sa ☒ tsochaí ina bhfuil cónaí orthu, ba cheart cóir chomhionann le saoránaigh an Bhallstáit a bheith ag cónaitheoirí fadtéarmacha ☒ AE ☒ i réimse

leathan gnóthaí eacnamaíocha agus sóisialta, faoi na coinníollacha ábhartha a shainítear sa Treoir seo.

↓ 2011/51/AE aithris 7  
(oiriúnaithe)

- (19) An chóir chomhionann atá ag tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta sa Bhallstát a thug cosaint idirnáisiúnta dóibh, ba cheart di a bheith gan dochar do na cearta agus na sochair a ráthaítear faoi Threoir 2011/95/AE ~~☒~~ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~☒~~ <sup>34</sup> agus faoin gCoinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe an 28 Iúil 1951, arna leasú leis an bPrótacal a síníodh i Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967 ('Coinbhinsiún na Ginéive').

↓ 2003/109/CE aithris 13  
(oiriúnaithe)

~~With regard to social assistance, the possibility of limiting the benefits for long-term residents to core benefits is to be understood in the sense that this notion covers at least minimum income support, assistance in case of illness, pregnancy, parental assistance and long-term care. The modalities for granting such benefits should be determined by national law.~~

↓ 2003/109/CE aithris 14  
(oiriúnaithe)

~~The Member States should remain subject to the obligation to afford access for minors to the educational system under conditions similar to those laid down for their nationals.~~

↓ 2003/109/CE aithris 15  
(oiriúnaithe)

~~The notion of study grants in the field of vocational training does not cover measures which are financed under social assistance schemes. Moreover, access to study grants may be dependent on the fact that the person who applies for such grants fulfils on his/her own the conditions for acquiring long-term resident status. As regards the issuing of study grants, Member States may take into account the fact that Union citizens may benefit from this same advantage in the country of origin.~~

↓ nua

- (20) Ba cheart cáilíochtaí gairmiúla a bronnadh ar náisiúnach tríú tír i mBallstát eile a aithint mar a aithnítear cáilíochtaí shaoránaigh an Aontais. Cáilíochtaí a bronnadh i dtríú tír, ba cheart iad a chur san áireamh i gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>35</sup>. Ba cheart an Treoir seo a bheith gan

<sup>34</sup> Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus inneachar na cosanta a thugtar (IO L 337, 20.12.2011, lch. 9).

<sup>35</sup> Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

dochar do na coinníollacha a leagtar amach faoin dlí náisiúnta maidir le cleachtadh na ngairmeacha rialaithe.

- (21) Ba cheart a chur san áireamh sa Treoir seo na caighdeáin choiteanna agus na nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais, ar caighdeáin agus nósanna imeachta iad a tugadh isteach le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>36</sup>.

↓ 2003/109/CE aithris 16  
(oiriúnaithe)

- (22) Ba cheart cosaint threisithe a bheith ag cónaitheoirí fadtéarmacha ☒ AE ☒ ar chinntí ~~dibeartha~~ ☒ a chuireann deireadh lena dtréimhse fanachta dhlíthiúil ☒. ~~This protection is based on the criteria determined by the decisions of the European Court of Human Rights. In order to ensure protection against expulsion~~ Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le sásamh breithiúnach éifeachtach ☒ i gcoinne cinntí den sórt sin ☒.

↓ nua

- (23) Níor cheart cinntí a chuireann deireadh le tréimhse fanachta dhlíthiúil chónaitheoirí fadtéarmacha AE a bhunú ar chúinsí eacnamaíocha.

↓ 2011/51/AE aithris 10  
(oiriúnaithe)

- (24) I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát, ar fhoras dá bhforáiltear sa Treoir seo, ~~cheart a dhéanamh maidir le~~ ☒ deireadh a chur le fanacht dlíthiúil ☒ tairbhí cosanta idirnáisiúnta a bhfuil stádas cónaitheora fhadtéarmaigh ☒ AE ☒ aige sa Bhallstát sin, ☒ agus *refoule* a dhéanamh air, ☒ ba cheart an chosaint ar *refoulement* a ráthaítear faoi Threoir 2011/95/AE agus faoi Airteagal 33 de Choinbhinsiún na Ginéive a bheith ag an duine sin. Chun na críche sin, i gcás ina bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag an duine i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an duine sin faoi láthair mar chónaitheoir fadtéarma, is gá foráil a dhéanamh, mura gceadaítear *refoulement* faoi Threoir 2011/95/AE, go bhféadfaí ~~cheart a dhéanamh maidir leis~~ ☒ a cheangal ar ☒ an duine sin dul chuig an mBallstát a thug an chosaint idirnáisiúnta agus go bhfuil sé d'oibleagáid ar an mBallstát sin an duine sin a ~~athligean isteach~~ ☒ a ghlacadh ar ais ☒. Ba cheart feidhm a bheith ag na coimircí céanna maidir le tairbhí cosanta idirnáisiúnta atá tar éis dul chun cónaithe sa dara Ballstát ach nach bhfuil stádas cónaitheora fhadtéarmaigh ☒ AE ☒ faighte aige go fóill sa Bhallstát sin.

<sup>36</sup> Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go mídhleathach a chur ar ais (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

---

↓ 2011/51/AE aithris 11  
(oiriúnaithe)

- (25) I gcás ina gceadófar, faoi Threoir 2011/95/AE, ~~☒~~ *refoulement* ~~☒~~ tairbhí cosanta idirnáisiúnta a ~~dhéanfaidh~~ go dtí tír lasmuigh de chríoch an Aontais, ba cheart oibleagáid a bheith ar na Ballstáit a áirithiú go bhfaighfear an fhaisnéis go léir ó fhoinsí ábhartha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ón mBallstát a thug an chosaint idirnáisiúnta, agus go ndéanfar an fhaisnéis a mheasúnú ina hiomláine d'fhonn a ráthú go bhfuil an cinneadh an tairbhí sin a ~~dhéanfaidh~~ ~~☒~~ *refoule* ~~☒~~ i gcomhréir le Airteagal 4 agus Airteagal 19(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- 

↓ nua

- (26) Chun lánpháirtiú níos fearr chónaitheoirí fadtéarmacha AE a chur chun cinn, ba cheart rialacha a thabhairt isteach maidir le coinníollacha fabhracha d'athaontú teaghlaigh agus do rochtain ar obair do chéilí. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le maoluithe sonracha ar Threoir 2003/86/CE ón gComhairle. Níor cheart athaontú teaghlaigh a bheith faoi réir coinníollacha a bhaineann le lánpháirtiú, toisc go meastar go bhfuil cónaitheoirí fadtéarmacha AE agus a dteaghlaigh lánpháirtithe sa tsochaí óstach.
- (27) Ós rud é gur cheart saol an teaghlaigh a urramú agus gur gné riachtanach de lánpháirtiú chónaitheoirí fadtéarmacha AE í saol an teaghlaigh a chosaint, leanaí chónaitheoirí fadtéarmacha AE a bheirtear nó a uchtaítear ar chríoch Bhallstáit AE a d'eisigh an cead cónaithe fadtéarmach AE dá dtuismitheoirí, ba cheart na leanaí sin an stádas cónaitheora fadtéarmaigh AE a fháil go huathoibríoch, go háirithe gan a bheith faoi réir an cheanglais maidir le réamhchónaí.
- 

↓ 2003/109/CE aithris 17  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

- (28) Trí chomhchuíbhiú a dhéanamh ar na téarmaí ~~le haghaidh~~ ~~☒~~ maidir le ~~☒~~ stádas cónaitheora fadtéarmaigh ~~☒~~ AE ~~☒~~ a fháil, cuirtear chun cinn an mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit. ⇒ Ba cheart, áfach, an Treoir seo a bheith gan dochar do cheart na mBallstát ceadanna cónaithe a bhfuil bailíocht bhuan nó neamhtheoranta acu a eisiúint seachas cead cónaithe fadtéarmach AE. ⇐ ~~Certain Member States issue permits with a permanent or unlimited validity on conditions that are more favourable than those provided for by this Directive. The possibility of applying more favourable national provisions is not excluded by the Treaty. However, for the purposes of this Directive, it should be provided that permits issued on more favourable terms do~~  
⇒ Leis na ceadanna cónaithe sin níor cheart ⇐ an ceart a thabhairt cónaí i mBallstáit eile.
- 

↓ nua

- (29) Ba cheart do na Ballstáit cothrom na Féinne a áirithiú idir ceadanna cónaithe fadtéarmacha AE agus ceadanna cónaithe náisiúnta a bhfuil bailíocht bhuan nó neamhtheoranta acu, ó thaobh cearta nós imeachta agus cearta córa comhionainne, nósanna imeachta agus rochtain ar fhaisnéis. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a

áirithiú nach bhfuil leibhéal na gcoimircí nós imeachta agus na gceart a dheonaítear do chónaitheoirí fadtéarmacha AE agus do bhaill a dteaghlaigh níos ísle ná leibhéal na gcoimircí nós imeachta agus na gceart atá ag sealbhóirí ceadanna cónaithe náisiúnta a bhfuil bailíocht bhuan nó neamhtheoranta acu. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin nach gceanglaítear ar iarratasóirí ar chead cónaithe fadtéarmach AE táilli níos airde a íoc as a n-iarratas a phróiseáil ná mar a cheanglaítear ar iarratasóirí ar cheadanna cónaithe náisiúnta. Ar deireadh, ba cheart do na Ballstáit páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí faisnéise, cur chun cinn agus fógraíochta ar an leibhéal céanna i dtaobh chead cónaithe fadtéarmach AE agus a ghlacann siad i dtaobh ceadanna cónaithe náisiúnta a bhfuil bailíocht bhuan nó neamhtheoranta acu, mar shampla i ndáil le faisnéis ar shuíomhanna gréasáin náisiúnta maidir le himirce dhleathacha agus feachtais faisnéise, agus cláir oiliúna a chuirtear ar fáil do na húdaráis inniúla imirce.

↓ 2003/109/CE aithris 18

⇒ nua

- (30) ⇒ Ba cheart áit chónaithe chónaitheoirí fadtéarmacha AE i mBallstáit eile a éascú. ⇐ Na coinníollacha a bhunú ar faoina réir a fhéadfaidh náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha AE iad an ceart a fháil cónaí i mBallstát eile, ba cheart dá bharr sin cur le gnóthú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh mar limistéar ina n-áirithítear saorghluaiseacht daoine. ~~It could also constitute a major factor of mobility, notably on the Union's employment market.~~ ⇒ Ba cheart soghluaisteacht ghairmiúil agus gheografach náisiúnach tríú tíortha ar cónaitheoirí fadtéarmacha AE i mBallstát amháin iad a aithint mar rannchuidiú tábhachtach chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht mhargadh an tsaothair ar fud an Aontais, agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas scileanna agus chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a cheartú. ⇐

↓ 2011/51/AE aithris 5

- (31) I bhfianaise an chirt atá ag tairbhithé cosanta idirnáisiúnta cónaí i mBallstáit seachas an Ballstát a thug cosaint idirnáisiúnta dóibh, is gá a áirithiú go gcuirtear na Ballstáit eile sin ar an eolas faoi chúlra cosanta na ndaoine lena mbaineann chun a chur ar a gcumas a n-oibleagáidí maidir le prionsabal an *non-refoulement* a chomhlíonadh.

↓ 2011/51/AE aithris 9

- (32) Aistriú na freagrachta i leith tairbhithé cosanta idirnáisiúnta a chosaint lasmuigh de raon feidhme na Treorach seo.

↓ 2003/109/CE aithris 19

- (33) Ba cheart foráil a dhéanamh go bhféadfar an ceart cónaithe i mBallstát eile a fheidhmiú chun obair a dhéanamh i gcáil fostaí nó i gcáil fhéinfhostaithe, chun staidéar a dhéanamh nó fiú chun socrú gan aon chineál gníomhaíochta eacnamaíche a fheidhmiú.

⇓ nua

- (34) Chun soghluaisteacht laistigh den Aontas a éascú do chónaitheoirí fadtéarmacha AE maidir le feidhmiú gníomhaíochta eacnamaíche i gcáil fostaí nó i gcáil fhéinfhostaithe,

níor cheart aon seiceáil a dhéanamh ar staid mhargadh an tsaothair agus iarratais ar chónaí sa dara Ballstát á scrúdú.

- (35) A luaithe a thíolacfaidh cónaitheoir fadtéarmach AE iarratas comhlánaithe ar chónaí sa dara Ballstát laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear sa Treoir seo, ba cheart an Ballstát sin a bheith in ann cead a thabhairt do chónaitheoir fadtéarmach AE tús a chur le fostaíocht nó staidéar. Ba cheart do chónaitheoirí fadtéarmacha AE a bheith i dteideal tús a chur le fostaíocht nó staidéar 30 lá ar a dhéanaí tar éis dóibh an t-iarratas ar chónaí sa dara Ballstát a thíolacadh.
- (36) I gcás ina mbeidh sé beartaithe ag cónaitheoirí fadtéarmacha AE iarratas a dhéanamh ar chónaí sa dara Ballstát chun gairm rialaithe a chleachtadh, ba cheart aitheantas a thabhairt dá gcáilíochtaí gairmiúla ar an mbealach céanna leis na cáilíochtaí atá ag saoránaigh den Aontas a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú acu, i gcomhréir le Treoir 2005/36/CE agus le dlí eile an Aontais agus le dlí náisiúnta eile is infheidhme.

↓ 2003/109/CE aithris 20  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

- (37) Ba cheart baill teaghlaigh a bheith in ann socrú sa ⇒ dara ⇐ Ballstát ~~eile~~ le cónaitheoir fadtéarmach ☒ AE ☒ chun aontacht an teaghlaigh a chaomhnú agus chun nach gcuirfear bac ar fheidhmiú an chirt chónaithe atá ag cónaitheoir fadtéarmach ☒ AE ☒. Maidir le baill teaghlaigh a d'fhéadfadh a bheith údaraithe taisteal in éineacht le cónaitheoirí fadtéarmacha ☒ AE ☒ nó chun teacht le chéile leo, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar chás na leanaí fásta faoi mhíchumas agus na ngaolta den chéad chéim sa líne shinsearach dhíreach atá i gcleithiúnas orthu.

↓ 2003/109/CE aithris 21  
(oiriúnaithe)

- (38) An Ballstát ina bhfuil sé beartaithe ag cónaitheoir fadtéarmach ☒ AE ☒ a cheart cónaithe a fheidhmiú, ba cheart an Ballstát sin a bheith in ann a sheiceáil go gcomhlíonann an duine lena mbaineann na coinníollacha chun cónaí ar a chríoch. Ba cheart é a bheith in ann a sheiceáil freisin nach bhfuil an duine lena mbaineann ina bhagairt don bheartas poiblí, don tslándáil phoiblí ná don tsláinte phoiblí.

↓ 2003/109/CE aithris 22  
(oiriúnaithe)

- (39) Chun nach mbeadh an ceart cónaithe neamhbhríoch, ba cheart do chónaitheoirí fadtéarmacha ☒ AE ☒, faoi na coinníollacha a shainmhínítear sa Treoir seo, an chóir chéanna a fháil sa dara Ballstát agus atá acu sa Bhallstát ina bhfuair siad an stádas. Tá deonú sochar faoi chúnamh sóisialta gan dochar don deis atá ag na Ballstáit an cead cónaithe a tharraingt siar mura gcomhlíonann an duine lena mbaineann na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo a thuilleadh.

↓ nua

- (40) Chun a áirithiú go leanfar de na critéir chun cónaí sa dara Ballstát a chomhlíonadh, ba cheart cead a bheith ag an mBallstát sin a cheangal ar chónaitheoirí fadtéarmacha AE agus ar bhaill a dteaghlaigh aon athrú ar an bhfostóir nó ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch a chur in iúl do na húdaráis inniúla. Níor cheart, leis an nós imeachta maidir le cur in iúl, go gcuirfí ar fionraí ceart na ndaoine lena mbaineann gabháil leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch i gcáil fostaíthe nó i gcáil fhéinfhostaithe, ná níor cheart aon seiceáil a dhéanamh ar staid mhargadh an tsaothair.

↓ 2003/109/CE aithris 23  
(oiriúnaithe)

⇒ nua

- (41) Ba cheart an deis a thabhairt do náisiúnaigh tríú tíortha stádas cónaitheora fhadtéarmaigh ☒ AE ☒ a fháil sa Bhallstát ar aistrigh siad chuige agus ar chinn siad cur fúthu ann faoi na coinníollacha ~~inchurtha~~ ⇒ céanna ⇐ ~~is~~ ☒ agus ☒ a cheanglaítear chun an stádas sin a fháil sa chéad Bhallstát. ⇒ Mar sin féin, ba cheart trí bliana a bheith i gceist sa tréimhse chónaithe a cheanglaítear sa dara Ballstát agus níor cheart a bheith in ann tréimhsí cónaithe a charnadh i mBallstáit éagsúla. Mar sin féin, ba cheart é a fhágáil faoin dara Ballstát a chinneadh an ndéanóidh sé cúnamh sóisialta, nó cúnamh cothabhála le haghaidh staidéir, lena n-áirítear gairmoiliúint, do chónaitheoirí fadtéarmacha AE seachas iad siúd ar oibrithe nó daoine féinfhostaithe nó a mbaill teaghlaigh iad, roimh chríochnú cúig bliana de chónaí dlíthiúil leanúnach ina chríoch, agus á chur san áireamh go bhféadfaidh saoránaigh an Aontais a d'fheidhmigh cearta saorghluaiseachta i gcáil seachas i gcáil oibrithe nó daoine féinfhostaithe i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE nó le hAirteagal 21 CFAE, nó a mbaill teaghlaigh, a dhiúltú agus a dhiúltú do chúig bliana de chónaí dlíthiúil leanúnach den sórt sin. Féadfaidh an dara Ballstát a chinneadh cúnamh den sórt sin a dheonú do chónaitheoirí fadtéarmacha AE sula mbeidh cúig bliana de chónaí dlíthiúil leanúnach acu, ar choinníoll go n-áiritheoidh sé an chóir chéanna do shaoránaigh an Aontais a fheidhmíonn cearta saorghluaiseachta i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE nó Airteagal 21 CFAE (seachas oibrithe, daoine féinfhostaithe nó daoine a choimeádann an stádas sin), baill a dteaghlaigh, chomh maith le náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le ceart saoránach de chuid an Aontais faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus tríú tíortha eile ar an taobh eile, a mbaill teaghlaigh. Thairis sin, sula mbeidh cúig bliana de chónaí dlíthiúil leanúnach sa Bhallstát sin, i gcás ina scoirfidh cónaitheoir fadtéarmach AE de ghníomhaíocht fostaíochta nó fhéinfhostaithe agus nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige dó féin agus dá bhaill teaghlaigh agus cumhdach cuimsitheach árachais breoiteachta ionas nach mbeidh sé ina ualach míréasúnta ar chóras cúnaimh shóisialta an dara Ballstát, féadfar deireadh a chur lena fhanacht dlíthiúil ar an bhforas sin, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh saoránaigh an Aontais a d'fheidhmigh cearta saorghluaiseachta agus a mbaill teaghlaigh a dhíbirt i gcás den sórt sin. ⇐

↓ 2003/109/CE aithris 24  
(oiriúnaithe)

- (42) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí ~~the proposed action~~ na Treorach seo , eadhon cinneadh na dtéarmaí chun ~~granting~~ deonú agus tarraingt siar stádais cónaithe fhadtéarmaigh AE agus na gcearta a bhaineann leis sin agus téarmaí chun cearta cónaithe a fheidhmiú ag cónaitheoirí fadtéarmacha AE i mBallstáit eile, a ghnóthú go leordhóthanach ach, dá bharr sin i ngeall ar scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir leis ~~Community~~ tAontas, féadfaidh an ~~Community~~ tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach . I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

↓ 2003/109/CE aithris 25  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

- (43) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 ~~den~~ de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais , ar prótacal é atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) , agus gan dochar d'Airteagail 3 agus 4 den ~~réamhráite~~ Phrótacal sin , ⇒ níl Éire ~~na Ballstáit sin~~ ⇒ rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

[NÓ]

[I gcomhréir le Airteagail 3 ⇒ 4a ~~1 and 2~~ de ~~the~~ de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais , atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) , agus gan dochar d'Airteagal 4 den ~~sin, these Member States are not taking part in the adoption of this Directive and are not bound by it or subject to its application~~ ⇒ thug Éire fógra [, trí litir dar dáta ...] a mian a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach. ⇒]

↓ 2003/109/CE aithris 26  
(oiriúnaithe)

- (44) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 ~~den~~ de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ~~ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

↓ nua

(45) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis an Treoir a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar an Treoir a bhí ann roimhe seo.

(46) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn I a thrasuí sa dlí náisiúnta.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

~~HAS~~ ☒ TAR ÉIS ☒ AN TREOIR SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

#### *Airteagal 1*

#### Ábhar

Leis an Treoir seo, cinntear an méid seo a leanas:

(a) na téarmaí chun stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ a deonú agus a tharraingt siar arna dheonú ag Ballstát i ndáil le náisiúnaigh tríú tíortha a chónaíonn go dleathach ⇒ agus go leanúnach ⇐ ar a chríoch, agus na cearta lena mbaineann; agus

(b) na ~~terms of~~ ⇒ coinníollacha dul isteach agus ⇐ cónaitheachta ⇒, agus na cearta, de náisiúnaigh tríú tíortha dá dtagraítear i bpointe (a) agus dá mbaill teaghlaigh, ⇐ i mBallstáit seachas i ~~one which conferred long term status on them for third country nationals enjoying that~~ ⇒ mBallstát a dheonaigh stádas cónaithe fadtéarmach AE den chéad uair ⇐.

#### *Airteagal 2*

#### Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo:

(a) ciallaíonn ‘náisiúnach tríú tír’ aon duine nach saoránach de chuid an Aontais é, de réir bhrí Airteagal ~~17~~ ☒ 20 ☒ (1) den Chonradh;

(b) ciallaíonn ‘cónaitheoir fadtéarmach ☒ AE ☒’ aon náisiúnach tríú tír ag a bhfuil stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ dá bhforáiltear faoi Airteagal 4 go 7;

(c) ciallaíonn ‘an chéad Bhallstát’ an Ballstát a dheonaigh stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ do náisiúnach tríú tír den chéad uair;

(d) ciallaíonn ‘an dara Ballstát’ aon Bhallstát seachas an Ballstát a dheonaigh stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ den chéad uair do náisiúnach tríú tír agus ina bhfeidhmíonn an cónaitheoir fadtéarmach sin an ceart cónaitheachta;

(e) ciallaíonn ‘baill teaghlaigh’ na náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh<sup>37</sup>;

↓ 2011/51/AE Airteagal 1.1(c)

(f) ciallaíonn ‘cosaint idirnáisiúnta’ cosaint idirnáisiúnta mar a shainmhínítear í in Airteagal 2(a) de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán íosta i dtaca le cáiliú agus stádas náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar dhéanaithe nó mar dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu ar dhóigh eile agus inneachar na cosanta a thugtar<sup>38</sup>;

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

(g) ciallaíonn ‘cead cónaithe fadtéarmach ~~resident's EC~~ ☒ AE ☒’ cead cónaithe arna eisiúint ag an mBallstát lena mbaineann tar éis stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ a fháil.

### *Airteagal 3*

#### **Raon feidhme**

1. Baineann an Treoir seo le náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil cónaí orthu mídhleathach ar chríoch Ballstáit.
2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le náisiúnaigh tríú tíortha:
  - (a) a dhéanann cónaí i mBallstát chun staidéar nó gairmoiliúint a dhéanamh;
  - (b) atá údaraithe chun cónaí a dhéanamh i mBallstát ar bhonn cosaint shealadach, nó a bhfuil iarratas déanta acu ar údarú chun cónaí a dhéanamh ann ar an mbonn sin agus atá ag fanacht le cinneadh ar a stádas;

↓ 2011/51/AE Airt. 1, pointe 2(a)

- (c) atá údaraithe chun cónaí a dhéanamh i mBallstát ar bhonn foirm de chosaint shealadach seachas cosaint idirnáisiúnta, nó a bhfuil iarratas déanta acu ar údarú chun cónaí a dhéanamh ann ar an mbonn sin agus atá ag fanacht le cinneadh ar a stádas;
- (d) a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus nár tháinig cinneadh críochnaitheach as a n-iarratas go fóill;

<sup>37</sup> Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh (IO L 251, 3.10.2003, lch. 12).

<sup>38</sup> Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhéanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus inneachar na cosanta a thugtar (IO L 337, 20.12.2011, lch. 9).

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

(e) a dhéanann cónaí i mBallstát ar fhorais shealadacha amháin amhail *au pair* nó oibrí séasúrach, nó mar oibrithe arna bpostú ag soláthraí seirbhíse chun seirbhísí a sholáthar thar teorainneacha, nó mar sholáthraithe seirbhísí trasteorann ~~nó i gceasanna ina bhfuil teorainn fhoirmiúil ar a gcead cónaithe~~;

(f) a thairbhíonn de stádas dlíthiúil arna rialú ag Coinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta in 1961, ag Coinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Consalachta 1963, ag Coinbhinsiún 1969 ar Mhisin Speisialta nó ag Coinbhinsiún Vín ar Ionadaíocht Stát ina gCaidreamh le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta de Charachtar Uilíoch de 1975.

3. Beidh an Treoir seo gan dochar d'fhorálacha níos fabhraí sna dlíthe agus sna comhaontaithe seo a leanas:

(a) comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha idir an ~~Comhphobal~~ ☒ tAontas ☒ nó an ~~Comhphobal~~ ☒ tAontas ☒ agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus tríú tíortha, ar an taobh eile;

(b) comhaontuithe déthaobhacha a tugadh i gcrích cheana féin idir Ballstát agus tríú tír roimh dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo;

↓ 2011/51/AE Airt. 1, pointe 2(b)

(c) an Coinbhinsiún Eorpach chun Bunú an 13 Nollaig 1955, Cairt Shóisialta na hEorpa an 18 Deireadh Fómhair 1961, Cairt Shóisialta Eorpach leasaithe an 3 Bealtaine 1987, Coinbhinsiún Eorpach maidir le Stádas Dlíthiúil Oibrithe Imirceacha an 24 Samhain 1977, mír 11 den Sceideal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Stádas Dídeanaithe an 28 Iúil 1951, arna leasú leis an bPrótacal a síníodh i Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967, agus an Comhaontú Eorpach maidir le Freagracht do Dhídeanaithe a Aistriú an 16 Deireadh Fómhair 1980.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

## CAIBIDIL II

### STÁDAS CÓNAITHE FADTÉARMACH I MBALLSTÁT

#### *Airteagal 4*

#### **Fad cónaithe**

1. ⇒ D'ainneoin mhír 3 den airteagal seo, ⇐, deonóidh na Ballstáit stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ do náisiúnaigh tríú tír a raibh cónaí orthu go dlíthiúil agus go leanúnach ar a chríoch ar feadh cúig bliana díreach roimh chur isteach an iarratais ábhartha.

↓ nua

2. Bunóidh na Ballstáit sásraí rialaithe iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach, agus aird ar leith á tabhairt ar

iarratais arna gcur isteach ag náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil cead cónaithe acu a deonaíodh ar bhonn aon chineál infheistíochta i mBallstát.

3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt do náisiúnaigh tríú tíortha tréimhsí cónaithe a charnadh i mBallstáit éagsúla d'fhonn an ceanglas maidir le fad an chónaithe a chomhlíonadh, ar choinníoll go bhfuil dhá bhliain de chónaí dlíthiúil leanúnach carntha acu laistigh de chríoch an Bhallstáit ina gcuirtear isteach an t-iarratas ar stádas cónaithe fadtéarmach AE díreach sula gcuirtear isteach an t-iarratas. Chun tréimhsí cónaithe i mBallstáit éagsúla a charnadh, ní chuirfidh na Ballstáit san áireamh tréimhsí cónaithe mar shealbhóir ceadá cónaithe arna dheonú ar bhonn aon chineál infheistíochta i mBallstát eile.

↓ 2011/51/AE Airt. 1, pointe 3(a)  
(oiriúnaithe)

~~4.4.~~ Ní dheonóidh na Ballstáit stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☐ ar bhonn cosaint idirnáisiúnta i gcás ina gcuirfear deireadh le cosaint idirnáisiúnta, nó ina ndiúltófar cosaint idirnáisiúnta a athnuachan, mar a leagtar síos in Airteagal ~~Airteagal~~ 14(3) agus in ☒ Airteagal ☐ 19(3) de Threoir ~~2004/83/CE~~ 2011/95/AE.

↓ nua

5. Aon tréimhse chónaithe a chaitear mar shealbhóir víosa fadfhanachta nó ceadá cónaithe arna eisiúint faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear na cásanna a chumhdaítear in Airteagal 3(2), pointí (a), (b), (c) agus (e), cuirfear san áireamh í chun an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 a ríomh, i gcás ina mbeidh teideal cónaithe faighte ag an náisiúnach tríú tír lena bhféadfai stádas cónaithe fadtéarmach AE a dheonú dó.

↓ 2003/109/CE

~~2. Periods of residence for the reasons referred to in Article 3(2)(e) and (f) shall not be taken into account for the purposes of calculating the period referred to in paragraph 1.~~

~~Regarding the cases covered in Article 3(2)(a), where the third country national concerned has acquired a title of residence which will enable him/her to be granted long term resident status, only half of the periods of residence for study purposes or vocational training may be taken into account in the calculation of the period referred to in paragraph 1.~~

↓ 2011/51/AE rt. 1, pointe 3(b)

Maidir le daoine dár deonaíodh cosaint idirnáisiúnta, déanfar ar a laghad leath den tréimhse idir an dáta ar taisceadh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar ar a bhonn a deonaíodh an chosaint idirnáisiúnta sin agus an dáta a deonaíodh an cead cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Threoir ~~2004/83/CE~~ 2011/95/AE, nó an tréimhse iomlán sin más faide ná 18 mhí í, a chur san áireamh agus an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 á ríomh.

↓ 2003/109/CE

~~36.~~ Ní bhrisfear le tréimhsí neamhláithreachta ó chríoch an Bhallstáit lena mbaineann an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 agus cuirfear san áireamh iad le haghaidh a ríomha i gcás inar

giorra iad ná sé mhí as a chéile agus nach mó iad san iomlán ná 10 mí laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 1.

I gcásanna ina mbeidh cúiseanna sonracha nó eisceachtúla de chineál sealadach i gceist agus i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit glacadh leis nach mbrisfidh tréimhse níos faide neamhláithreachta ná an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír an tréimhse dá dtagraítear i mír 1. I gcásanna den sórt sin, ní chuirfidh na Ballstáit san áireamh an tréimhse ábhartha neamhláithreachta i ríomh na tréimhse dá dtagraítear i mír 1.

De mhaolú ar an dara fhomhír, féadfaidh na Ballstáit tréimhsí neamhláithreachta a bhaineann le hiasacht chun críocha fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí trasteorann a sholáthar, a chur san áireamh agus an tréimhse iomlán dá dtagraítear i mír 1 á ríomh.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

### Airteagal 5

#### Coinníollacha chun stádas cónaithe fadtéarmach AE a fháil

1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar náisiúnaigh tríú tíortha fianaise a sholáthar go bhfuil an méid seo a leanas acu, dóibh féin agus do bhaill teaghlaigh cleithiúnacha:

(a) acmhainní cobhsaí rialta  , arna gcur ar fáil freisin ag tríú páirtí,  ar leor iad chun é féin agus baill a theaghlaigh a chothabháil, gan dul ar iontaoibh chóras cúnaimh shóisialta an Bhallstáit lena mbaineann. Déanfaidh na Ballstáit meastóireacht ar na hacmhainní sin trí thagairt a dhéanamh dá gcineál agus dá rialtacht agus féadfaidh siad leibhéal an íosphá agus na bpinsean a chur san áireamh sula ndéanfar an t-iarratas ar stádas cónaithe fadtéarma;

(b) árachas breoiteachta i ndáil le gach riosca a chumhdaítear de ghnáth dá náisiúnaigh féin sa Bhallstát lena mbaineann.

↓ nua

2. Chun críche phointe (a) de mhír 1, déanfaidh na Ballstáit meastóireacht ar na hacmhainní cobhsaí agus rialta trí thagairt a dhéanamh dá gcineál agus dá rialtacht agus féadfaidh siad leibhéal íosphá agus pinsean a chur san áireamh sula ndéanfar an t-iarratas ar stádas cónaithe fadtéarma. Féadfaidh na Ballstáit suim áirithe a chur in iúl mar mhéid tagartha, ach ní fhéadfaidh siad íosleibhéal ioncaim a fhorchur, ar faoina bhun a dhiúltófaí gach iarratas ar stádas cónaithe fadtéarmach AE, beag beann ar scrúdú iarbhir ar staid gach iarratasóra.

↓ 2003/109/CE

32. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar náisiúnaigh tríú tíortha coinníollacha lánpháirtíochta a chomhlíonadh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

↓ nua

4. I gcás ina n-eiseoidh Ballstáit ceadanna cónaithe náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14, ní cheanglóidh siad ar iarratasóirí ar chead cónaithe fadtéarmach AE acmhainní agus

coinníollacha lánpháirtíochta níos déine a chomhlíonadh ná na cinn a fhorchuirtear ar iarratasóirí ar na ceadanna cónaithe náisiúnta sin.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

### *Airteagal 6*

#### **Beartas poiblí agus slándáil phoiblí**

1. Féadfaidh na Ballstáit diúltú stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☐ a dheonú ar fhorais an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí.

Agus an cinneadh ábhartha á dhéanamh, breithneoidh an Ballstát déine nó cineál an chiona i gcoinne an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí, nó an chontúirt a eascraíonn ón duine lena mbaineann, agus aird chuí á tabhairt ar fhad an chónaithe agus ar na naisc atá ann leis an tír chónaithe.

2. Ní bheidh an diúltú dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha.

### *Airteagal 7*

#### **Stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☐ a fháil**

1. Chun stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☐ a fháil, taiscfidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann iarratas le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí air nó uirthi. Beidh ag gabháil leis an iarratas fianaise dhoiciméadach a bheidh le cinneadh leis an dlí náisiúnta go gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 agus, má cheanglaítear sin, doiciméad taistil bailí nó cóip dheimhnithe de.

~~The evidence referred to in the first subparagraph may also include documentation with regard to appropriate accommodation.~~

2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta fógra i scríbhinn faoin gcinneadh don iarratasóir a luaithis is féidir agus ar aon chuma tráth nach déanaí ná sé mhí ón dáta a taisceadh an t-iarratas ☒ iomlán ☐. Tabharfar fógra faoi aon chinneadh den sórt sin don náisiúnach tríú tír lena mbaineann i gcomhréir leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

~~In exceptional circumstances linked to the complexity of the examination of the application, the time limit referred to in the first subparagraph may be extended.~~

↓ nua

I gcás ina mbeidh na doiciméid a thíolactar nó an fhaisnéis a chuirtear ar fáil mar thaca leis an iarratas easnamhach nó neamhiomlán, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra don iarratasóir faoi na doiciméid bhreise nó an fhaisnéis bhreise a cheanglaítear agus socróidh siad sprioc-am réasúnta faoi nach mór iad a thíolacadh nó a sholáthar. Cuirfear an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fionraí go dtí go mbeidh na doiciméid bhreise nó an fhaisnéis bhreise a cheanglaítear faighte ag na húdaráis. Más rud é nach soláthraítear na doiciméid bhreise nó an fhaisnéis bhreise is gá faoin sprioc-am, is féidir an t-iarratas a dhiúltú.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

~~In addition,~~ Cuirfear an duine lena mbaineann ar an eolas faoina chearta agus oibleagáidí faoin Treoir seo.

Is le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit ábhartha a chinnfear aon iarmhairtí mura ndéanfar cinneadh faoi dheireadh na tréimhse dá bhforáiltear san fhoráil seo.

3. Má chomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5, agus mura an duine ina bhgairt de réir bhrí Airteagal 6, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ don náisiúnach tríú tír lena mbaineann.

↓ nua

4. I gcás ina mbainfidh iarratas ar chead cónaithe fadtéarmach AE le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil cead cónaithe náisiúnta arna eisiúint ag an mBallstát céanna i gcomhréir le hAirteagal 14, ní cheanglóidh an Ballstát sin ar an iarratasóir fianaise a thabhairt ar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5(1) agus (2), más rud é gur fíoraíodh cheana féin gur comhlíonadh na coinníollacha sin i gcomhthéacs an iarratais ar chead cónaithe náisiúnta.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

#### *Airteagal 8*

#### **Cead cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ ~~resident's EC~~**

1. Is stádas buan a bheidh sa stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒, faoi réir Airteagal 9.

2. Eiseoidh na Ballstáit cead cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ ~~resident's EC~~ do chónaitheoirí fadtéarmacha ☒ AE ☒. Beidh an cead bailí ar feadh cúig bliana ar a laghad; déanfar é a athnuachan go huathoibríoch, ar iarratas a fháil más gá, ar dhul in éag dó.

3. Cead cónaithe fadtéarmach ~~resident's EC~~ ☒ AE ☒ ~~may be issued in the form of a sticker or of a separate document. It~~ eiseofar é i gcomhréir leis na rialacha agus leis an tsamhail chaighdeánach mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle ~~of 13 June 2002 laying down a uniform format for residence permits for third-country nationals~~<sup>39</sup>. Faoin gceannteideal ‘cineál ceada’, cuirfidh na Ballstáit isteach ‘cónaitheoir fadtéarmach ☒ AE ☒ ~~EC~~’.

↓ 2011/51/AE Airt. 1, pointe 4  
(oiriúnaithe)

4. I gcás ina n-eiseoidh Ballstát ~~long-term resident's~~ cead cónaithe ☒ fadtéarmach ☒ AE do náisiúnach tríú tír ar dheonaigh sé cosaint idirnáisiúnta dó, cuirfidh sé isteach an nóta seo a leanas sa chead sin ~~long-term resident's EU residence~~, faoin gceannteideal ‘Nótaí’: ‘Cosaint idirnáisiúnta arna deonú ag [ainm na mBallstát] an [dáta]’.

<sup>39</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 ag leagan síos formáid chomhionann le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh thríú tíortha (IO L 157, 15.6.2002, lch. 1).

5. I gcás ina n-eiseoidh an dara Ballstát ~~long-term resident's~~ cead cónaithe ☒ fadtéarmach ☒ AE do náisiúnach tríú tír ~~long-term resident's~~ cead cónaithe ☒ fadtéarmach ☒ AE cheana arna eisiúint ag Ballstát eile ina bhfuil an nóta dá dtagraítear i mír 4, cuirfidh an dara Ballstát isteach an nóta céanna sa chead ~~long-term resident's~~ cónaithe ☒ fadtéarmach ☒ AE ☒ a eisiúint sé ☒.

Sula gcuirfidh an dara Ballstát an nóta dá dtagraítear i mír 4 isteach, iarrfaidh sé ar an mBallstát a luaitear sa nóta sin faisnéis a chur ar fáil i dtaobh an bhfuil an cónaitheoir fadtéarmach ☒ AE ☒ fós ina thairbhí de chosaint idirnáisiúnta. Tabharfaidh an Ballstát a luaitear sa nóta freagra tráth nach déanaí ná aon mhí amháin tar éis dó an iarraidh ar fhaisnéis a fháil. I gcás inar tarraingíodh siar cosaint idirnáisiúnta le cinneadh críochnaitheach, ní cuirfidh an dara Ballstát an nóta sin isteach.

6. I gcás, i gcomhréir leis na hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha nó leis an dlí náisiúnta, gur aistríodh an fhreagracht as cosaint idirnáisiúnta do chónaitheoir fadtéarmach ☒ AE ☒ chuig an dara Ballstát tar éis cead cónaithe fadtéarmach AE ~~cónaitheoir fadtéarmach~~ cead cónaithe ☒ fadtéarmach ☒ AE dá dtagraítear i mír 5 a eisiúint, leasóidh an dara Ballstát an nóta dá dtagraítear i mír 4 tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an aistrithe.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

## Airteagal 9

### Stádas a tharraingt siar nó a chailleadh

1. Ní bheidh cónaitheoirí ~~fadtéarmacha~~ ☒ AE ☒ i dteideal a thuilleadh an stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ a choimeád sna cásanna seo a leanas:

- (a) stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ a fhaightear go calaoiseach a bhrath;
- (b) glacadh ~~birt d'ibeartha~~ cinneadh ☒ lena gcuirtear deireadh leis an bhfanacht dlíthiúil ☒ faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal ~~13~~ 14;
- (c) i gcás nach mbeidh sé ar chríoch an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ ar feadh tréimhse ~~12~~ ⇒ 24 ⇐ mhí as a cheile.

2. De mhaolú ar mhír 1, ☒ pointe ☒ (c), féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach mbeidh tarraingt siar ná cailleadh stádaí i gceist leis an náisiúnach tríú tír a bheith ar chríoch an Bhallstáit ☒ mar gheall ar chúiseanna sonracha ná eisceachtúla ☒ a théann thar ~~12~~ ⇒ 24 ⇐ mhí as a cheile ~~or for specific or exceptional reasons~~.

3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach mbeidh an cónaitheoir fadtéarmach ☒ AE ☒ i dteideal a thuilleadh a stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ a choimeád i gcásanna nach bhfuil sé ina bhagairt don bheartas poiblí, ag brath ar chomh tromchúiseach agus atá na cionta a rinne sé, ach ní cúis í an bhagairt sin le ~~expulsion~~ ☒ a chuirfidh deireadh lena fhanacht dhlíthiúil ☒ de réir bhrí Airteagal ~~13~~ 14.

↓ 2011/51/AE Airt. 1, pointe 5  
(oiriúnaithe)

~~43a~~ Féadfaidh na Ballstáit stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ a tharraingt siar i gcás go ndéanfar an chosaint idirnáisiúnta a aisghairm, deireadh a chur leis, nó a dhiúltú é a athnuachan, mar a leagtar síos in Airteagal 14(3) agus in Airteagal 19(3) de Threoir

~~2004/83/EC~~ 2011/95/AE más rud é go bhfuarthas an stádas cónaithe fadtéarmach ar bhonn cosaint idirnáisiúnta.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

54. An cónaitheoir fadtéarmach a raibh cónaí air i mBallstát eile i gcomhréir le Caibidil III, ní bheidh sé i dteideal a thuilleadh a stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ a fuarthas sa chéad Bhallstát a choimeád nuair a dheonófar an stádas sin i mBallstát eile de bhun Airteagal ~~26~~ 23.

I gcás ar bith tar éis tréimhse sé bliana a bheith lasmuigh de chríoch an Bhallstáit a dheonaigh stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒, ní bheidh an duine lena mbaineann i dteideal a thuilleadh a stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ a choimeád sa Bhallstát sin.

De mhaolú ar an dara fomhír, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a fhoráil, ar chúiseanna sonracha, go gcoimeádfaidh cónaitheoir fadtéarmach ☒ AE ☒ a stádas sa Bhallstát sin i gcás ina mbeidh sé lasmuigh den Bhallstát ar feadh tréimhse is faide ná sé bliana.

↓ nua

Féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann faisnéis a mhalartú chun críche cailleadh an stádais nó tarraingt siar an stádais a fhíorú i gcomhréir leis na cásanna dá dtagraítear sa mhír seo.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

65. Maidir leis na cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (c) agus i mír 4, déanfaidh na Ballstáit a bhfuil an stádas deonaithe acu foráil do nós imeachta éascaithe chun stádas cónaithe fadtéarmach AE a fháil ar ais. Maidir leis na cásanna dá dtagraítear i mír 1, ☒ pointe ☒ (c) agus i mír 4, déanfaidh na Ballstáit a bhfuil an stádas deonaithe acu foráil do nós imeachta éascaithe chun stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒.

~~The said procedure shall apply in particular to the cases of persons that have resided in a second Member State on grounds of pursuit of studies.~~

~~The conditions and the procedure for the re-acquisition of long-term resident status shall be determined by national law.~~

↓ nua

Sna cásanna sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan a cheangal go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 5(1).

Ní chuirfidh na Ballstáit de cheangal ar náisiúnaigh tríú tíortha a dhéanann iarratas ar stádas cónaithe fadtéarmach AE a fháil ar ais coinníollacha an lánpháirtíochta a chomhlíonadh.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

76. I gcás ar bith, ní bheidh i gceist le dul in éag ceada cónaithe fadtéarma ☒ AE ☒ ~~resident's EC~~ tarraingt siar ná cailleanas stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒.

87. I gcás nach gcuirfear ~~removal~~ ☒ deireadh leis an bhfanacht dlíthiúil ☒ mar thoradh ar stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☒ a tharraingt siar nó a chailleadh, údaróidh an Ballstát don duine lena mbaineann fanacht ina chríoch má chomhlíonann sé na coinníollacha

dá bhforáiltear ina reachtaíocht náisiúnta agus/nó mura bhfuil sé ina bhagairt don bheartas poiblí ná don tslándáil phoiblí.

### *Airteagal 10*

#### **Ráthaíochtaí nós imeachta**

1. Tabharfar cúiseanna le haon chinneadh lena ndiúltaítear iarratas ar stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☐ nó lena dtarraingeofar siar an stádas sin. Tabharfar fógra faoi aon chinneadh den sórt sin don náisiúnach tríú tír lena mbaineann i gcomhréir leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha. Sonrófar san fhógra na nósanna imeachta sásaimh atá ar fáil agus an t-am a bhféadfaidh sé gníomhú laistigh de.

2. I gcás ina ndiúltófar d'iarratas ar stádas cónaithe fadtéarmach ☒ AE ☐ nó ina ndéanfar an stádas sin a tharraingt siar nó a chailleadh nó nach ndéanfar an cead cónaithe a athnuachan, beidh sé de cheart ag an duine lena mbaineann agóid dhlíthiúil a dhéanamh sa Bhallstát lena mbaineann.

↓ nua

3. I gcás ina n-eiseoidh Ballstáit ceadanna cónaithe náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14, deonóidh siad do shealbhóirí agus d'iarratasóirí ceadanna cónaithe fadtéarmacha AE na coimircí nós imeachta céanna dá bhforáiltear faoina scéimeanna náisiúnta i gcás ina bhfuil na coimircí nós imeachta faoi scéimeanna náisiúnta den sórt sin níos fabhraí ná na coimircí sin dá bhforáiltear san Airteagal seo, i míreanna 1 agus 2, agus in Airteagal 7(2).

### *Airteagal 11*

#### **Táillí**

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go n-íocfar táillí chun iarratais a láimhseáil i gcomhréir leis an Treoir seo. Ní bheidh leibhéal na dtáillí a fhorchuirfidh Ballstát chun iarratais a phróiseáil díréireach ná iomarcach.

I gcás ina n-eiseoidh Ballstáit ceadanna cónaithe náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14, ní chuirfidh siad de cheangal ar iarratasóirí cónaithe fadtéarmaigh AE táillí níos airde a íoc ná na táillí a fhorchuirtear ar iarratasóirí ar cheadanna cónaithe náisiúnta.

↓ 2003/109/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

### *Airteagal ~~12~~*

#### **Cóir chomhionann**

1. Teachtfaidh cónaitheoirí fadtéarmacha ☒ AE ☐ cóir chomhionann le náisiúnaigh a mhéid a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) an rochtain ar an bhfostaíocht agus ar an ngníomhaíocht fhéinfhostaithe, ar chuntar nach mbíonn feidhmiú an údarais phoiblí i gceist, fiú go teagmhasach, sna gníomhaíochtaí sin, agus coinníollacha fostaíochta agus dálaí oibre, lena n-áirítear coinníollacha maidir leis an dífhostú agus leis an bpá;

- (b) an t-oideachas agus oiliúint ghairme, lena n-áirítear deontais staidéir i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;
- (c) aitheantas na ndioplómaí gairmiúla, na dteastas gairmiúil agus na gcáilíochtaí gairmiúla eile i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta ábhartha;
- (d) ⇒ brainsí den ⇐ tslándaíl shóisialta; ⇒ dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>40</sup>, agus ⇐ an cúnamh sóisialta agus an chosaint shóisialta mar a shainmhínítear leis an dlí náisiúnta;
- (e) na socair chánach;
- (f) an rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus soláthar na n-earraí agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal ⇒, lena n-áirítear an rochtain ar an tithíocht phríobháideach, ⇐ agus ar nósanna imeachta chun tithíocht ⇒ phoiblí ⇐ a fháil;
- (g) an tsaoirse comhlachais agus cleamhnachta agus ballraíochta in eagraíocht a dhéanann ionadaíocht d'oibrithe nó d'fhostóirí nó in aon eagraíocht a bhfuil a comhaltaí rannpháirteach i slí bheatha shonrach, lena n-áirítear na sochair a thugann na heagraíochtaí sin, gan dochar do na forálacha náisiúnta maidir leis an mbeartas poiblí agus leis an tslándaíl phoiblí;
